



Conas is féidir liom mé féin a chosaint ar sceamálacha airgeadais ?

Conas is féidir liom mé féin a chosaint ar sceamálacha airgeadais ?

Tá bealaí níos **sofaisticiúla** á n-úsáid ag calaoiseoirí anois agus iad ag iarraidh do chuid **airgid agus sonraí pearsanta a fháil**.

Ina measc, tá **suíomhanna gréasáin bréige, na meáin shóisialta, agus glaonna agus téacsanna bréige**.

Seans go ndéanfadh calaoiseoir iarracht a chur ina luí ort **táirge airgeadais a cheannach nó airgead a infheistiú**.

Nó b'fhéidir **go ngeallfaidís iasacht duit** nó go molfaidís duit **polasaí árachais saor** a cheannach - ach **gur polasaí bréige é**.

Má fhaigheann tú glao gutháin, ríomhphost nó téacs **gan choinne**, ba cheart duit tástáil **SAFE** a dhéanamh.

S – Stop

Stop, smaoinigh & ceistigh:

Cad atá á thairiscint ag an ngnólacht seo? Cé atá ag déanamh teagmháil liom? Cá bhfuair siad mo shonraí teagmhála?

A – Athbhreithnigh

Athbhreithnigh an t-eolas atá á thabhairt duit agus seiceáil **cláir ar líne Bhanc Ceannais na hÉireann** chun a fháil amach an gnólacht údaraithe é.

Fiú má **dhealraíonn sé** go bhfuil an gnólacht **údaraithe**, déan cinnte gur gnólacht dílis é agus nach bhfuil **sonraí fíorghnólachta cóipeáilte aige**.

F – Fíricí a sheiceáil

Seiceáil fíricí na tairisceana. **Ná cuir faisnéis phearsanta ar fáil** nó ná seol airgead mura bhfuil tú cinnte gur gnólacht údaraithe dílis é.

E – É a nochtadh agus a thuairisciú

Is féidir leat **calaoiseoirí a nochtadh** ach **iad a thuairisciú dúinne**.

Tá cumhachtaí againn chun imscrúdú a dhéanamh agus **gníomh a thionscnamh in aghaidh calaoiseoirí**.



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

Athscríbhinn den fhíseán

Agus cuimhnigh nach ndéanfaidh an Banc Ceannais teagmháil leat chun airgead, sonraí pearsanta nó uimhir PSP a lorg uait.

Tuilleadh eolais: www.centralbank.ie/tastailsafe